SEIRBHÍS ARAIDÍ DONNA

Dublin City
Baile Átha Cliath

Tabharfar isteach Seirbhís Araidí Rothaí Donna gan rómhoill i do cheantar mar scéim phíolótach chun dramhaíl orgánach a bhailiú dramhbhia agus dramhaíl éatrom ón ngairdín.
Seachadfar Araid Dhonn nua 140 lítear chugat gan mhoill.
Cuirfear Boiscín Cistine ar fáil duit fosta chun go mbeidh tú in ann an dramhaíl agat a dhealú óna chéile go háisiúil.

Cad chuige a mbainfeá úsáid as Araid Dhonn?

- Mar gheall ar an tSeirbhís Araidí Donna nua beifear in ann dramhaíl orgánach (dramhbhia agus dramhaíl éatrom ón ngairdín) a bhailiú chun múirín a dhéanamh. Is mór a rachaidh sin chun sochair don timpeallacht ós rud é gurb í an dramhaíl orgánach is príomhchúis leis na drochiarmhairtí is mó a bhaineann le líonadh talún, amhail astúcháin gháis agus leachta.

- Is maith is fiú duit an dramhaíl orgánach agat a chur san Araid Dhonn nó is lú go mór an táille lena folmhú ná an táille le hAraid Dhubh / Liath den mhéid chéanna a fholmhú.

- Má bhaintear úsáid as an Araid Dhonn, is mór an cúnamh é agus muid ag iarraidh spriocanna dúshlánacha athchúrsála a bhaint amach don chathair.

Cá huair a bhaileofar í?

Baileofar an Araid Dhonn uair amháin gach coicís. Baileofar an Araid Dhubh / Liath uair amháin gach ré seachtain i.e. gach seachtain nach mbaileofar an Araid Dhonn. Mar shampla:

Seachtain 1 - Araid Dhonn
Seachtain 2 - Araid Dhubh / Liath
Seachtain 3 - Araid Dhonn
Seachtain 4 - Araid Dhubh / Liath

Is é an phríomhchúis nach mbeidh an Araid Dhubh / Liath á folmhú ach uair amháin gach ré seachtain go mbeidh méid suntasach ábhar, a chuirtear isteach san araid sin faoi láthair, á chur isteach san Araid Dhonn feasta.

Ar chúiseanna sláinteachais, molaimid go láidir do theaghlaigh a chinntiú go gcuirfear na hAraidí Donna acu amach lena mbailiú gach ré seachtain.

Cén costas a bheidh uirthi?

Ní bheidh aon táille ann go dtí 1 Eanáir 2007. Ón dáta sin ar aghaidh beidh táille €2.00 in aghaidh gach folmhúcháin agus beidh sin mar chuid den bhille ráithiúil agat. Is lú go mór an táille sin ná an táille le haghaidh Araid Dhubh /Liath den mhéid chéanna (€3.15 faoi láthair lena folmhú). Ní bheidh aon táille sheasta ar leithligh ann don Araid Dhonn. Ar an ábhar sin, is maith is fiú duit an dramhaíl orgánach a chur san Araid Dhonn.

Comhairle úsáideach faoin dóigh leis an araid a choinneáil glan

- Clúdaigh an taobh istigh den araid le leatháin chairtchláir lena coinneáil glan
- Coinnigh an araid in áit ar scáth
- Cuach dramhbhia suas in dhá leathán nuachtáin nó i mála sio-padóireachta páipéir chun an leacht a ionsú
- Cuir an dramhaíl orgánach san araid ina sraitheanna ar bharr a chéile, m.sh. féar / duilleoga / gearrtháin fáil ar dtús agus dramhb-hia ina dhiaidh sin agus mar sin de.

Ceadaítear ✓

Arán, Pasta agus Rís

Feoil, Iasc, Éanlaith, Cnámha

Duilleoga. Fiaile & Caonach
(gan iad a bheith spraeáilte le fiailnimh le do thoil)
Plandaí agus Bláthanna Marbha
Féar agus Gearrtháin Fáil
(craobhóga nach tibhe ná méara)

Naipcíní Páipéir & Tuáillí Páipéir

Bia as Dáta
(gan phacáistí plaisteacha)
Málaí Tae, Caife Meilte & Scagairí Páipéir

Torthaí, glasraí
(bruite nó neamhbhruite)

Cairtchlár nó Páipéar agus salachar bia air
(gan pháipéar brataithe le do thoil)

Uibheacha agus Táirgí Déiríochta
(gan phacáistí plaisteacha)

Ní Cheadaítear ✗

- ✗ Plaisteach de Chineál ar bith
- ✗ Cannaí Bia, Cannaí Dí, Sceanra
- ✗ Scragall Stáin
- ✗ Páipéir Milseán agus Málaí Criospaí
- ✗ Nuachtáin / Cairtchlár (ach amháin mar chlúdach ar an taobh istigh nó chun bia a chuachadh)
- ✗ Nithe Guaiseacha Tí, Batairí, Olaí, etc.
- ✗ Gloine
- ✗ Créghréithe
- ✗ Tetrapak & Cartáin
- ✗ Clúidíní / Nithe Sláintíochta
- ✗ Easair Madra & Cait
- ✗ Luaith & Gual
- ✗ Carraigeacha, gairbhéal, clocha, cré, ithir & Stumpáin
- ✗ Fiailnimh agus Fiaile ar spraeáladh Fiailnimh orthu
- ✗ Páipéir agus Irisí Snasta

TEAGMHÁLAITHE ÚSÁIDEACHA

Ionad Seirbhísí Custaiméara (2221000) - www.dublinwaste.ie / www.dublincity.ie chun freagraí a fháil ar roinnt ceisteanna a chuirtear go minic.